
# An Clog



Tá an clog ar an matal. Tá aghaidh ar an gclog. Tá dhá láimh ar an gclog. Tá sé a naoi a chlog ar maidin. Tá mé ag dul ar scoil.

Cén t-am anois é?
Tá sé a cúig tar éis a haon déag. Tá sos agam. Tá mé ag súgradh sa chlós.

Cén t-am anois é?
Tá sé ceathrú chun a haon. Am lóin atá ann. Tá mé ag ithe an lóin.

Cén t-am anois é?
Tá sé ceathrú tar éis a trí. Tá mé ag dul abhaile ón scoil.

Cén t-am anois é?
Tá sé leathuair tar éis a naoi. Tá mé ag dul a chodladh.


**Foclóir:**
**matal,** mantelpiece
**aghaidh,** face
**sos,** rest
**clós,** yard
**ceathrú,** quarter
**leathuair,** half an hour

**A. Líon isteach na bearnaí:**
ma—al, a haon —éag, ag sú—radh, ceath—ú chun, leath—air, a cho—ladh.


**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Tá aghaidh ar an g—.
2. Tá mé ag s— sa chlós.
3. Tá mé ag ithe an l—.
4. Tá mé ag dul — ón scoil.
5. Tá sé leathuair — — a naoi.

**C. Déan abairtí díobh seo:**
1. atá, am lóin, ann.
2. mé, a chodladh, tá, ag dul.
3. anois, é, cén t-am?
4. agam, sos, tá.

**D. Cén t-am é?**



**Sampla:** Tá sé a sé a chlog.



**Gramadach 6**

(i) **Foghlaim:** orm, ort, air, uirthi; orainn, oraibh, orthu

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Tá sé ag dul amach ag siúl. An bhfuil hata **air**?
1. Tá sibh ag dul amach ag siúl. An bhfuil hataí —?
2. Tá Seán agus Tomás ag dul amach ag siúl. An bhfuil hataí —?
3. Tá Íde ag dul ar scoil. An bhfuil hata —?
4. Tá Máire agus mé féin ag dul ar scoil. Tá hataí —.

(ii) **Foghlaim:** mo theach, do theach, a theach, a teach; ár dteach, bhur dteach, a dteach

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Chuir mé orm mo chóta.
1. Chuir sé air — —.
2. Chuireamar orainn — gcótaí.
3. Chuir sibh oraibh — —.
4. Chuir Seán agus Tomás orthu — —.